An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs




# Tuarascáil Eatramhach ar Dhul Chun Cinn
# Bealtaine 2017

**An Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe**
**Tuarascáil Eatramhach ar Dhul Chun Cinn**
**Bealtaine 2017**

## 1. Cúlra

Seoladh *Ár nAcmhainn Tuaithe a Bhaint Amach*, Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Fhorbairt Tuaithe, an 23 Eanáir 2017. Tá 276 ghníomh ann sa Phlean Gníomhaíochta. Tá siad le soláthar ar fud an Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí eile sna trí bliana le teacht chun tacú le dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta cheantar tuaithe na hÉireann.

Sannadh príomhchomhlacht do gach gníomh. Beidh an príomhchomhlacht sin freagrach as an ngníomh a chur chun feidhme laistigh de thréimhse chinnte. Tá 95 ghníomh san iomlán le soláthar sa bhliain 2017. Tá gníomhartha breise ar siúl 'ar bhonn leanúnach'.

Foilseofar tuarascálacha ar dhul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta gach 6 mhí. Tá sé beartaithe an chéad tuarascáil a fhoilsiú i mí Iúil. Cuireadh Tuarascáil Eatramhach ar Dhul Chun Cinn i dtoll a chéile roimh fhoilsiú na chéad tuarascála foirmiúla chun léargas a thabhairt ar na héachtaí a baineadh amach go dtí seo faoin bPlean agus chun béim a leagan ar roinnt de na dea-fhorbairtí a rinneadh chun tacú le ceantar tuaithe na hÉireann.

## 2. Struchtúr na Tuarascála Eatramhaí

Tá na 276 ghníomh sa Phlean Gníomhaíochta roinnte ina 5 Cholún théamacha mar seo a leanas:

Colún 1: Tacú le Pobail Inbhuanaithe
Colún 2: Tacú le Fiontair agus le Fostaíocht
Colún 3: Ár nAcmhainn a Uasmhéadú maidir le Turasóireacht Tuaithe agus Áineas Tuaithe
Colún 4: An Cultúr agus an Chruthaitheacht a Chothú i bPobail Tuaithe
Colún 5: Bonneagar agus Nascacht Tuaithe a Fheabhsú

Gabhann tacar soiléir cuspóirí sonraithe le gach ceann de na Colúin sin.

Sa Tuarascáil Eatramhach seo, tugtar léargas "ceannlíne" ar na príomhéachtaí a baineadh amach go dtí seo, pas beag níos mó ná trí mhí tar éis chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta a thosú. Léirítear inti freisin go bhfuil an Plean ag dul ó neart go neart cheana féin. Díreoidh an Rialtas go mór ar na gníomhartha sa Phlean a sholáthar agus ar na torthaí a chur in iúl.

Is sa Tuarascáil sé mhí ar Dhul Chun Cinn a fhoilseofar i mí Iúil a thabharfar cuntas níos mine ar an dul chun cinn arna dhéanamh ar gach ceann de na gníomhartha le soláthar sa chéad leath den bhliain 2017 agus ar na gníomhartha atá ar siúl 'ar bhonn leanúnach'.

## 3. Príomhéachtaí de réir Colúin

### *Colún 1 – Tacú le Pobail Inbhuanaithe*

Ní mór dúinn tacú lenár bpobail tuaithe le gur féidir le daoine cónaí faoin tuath ar bhonn inmharthana inbhuanaithe.  Ní mór dúinn áit níos fearr le cónaí ann a dhéanamh de cheantar tuaithe na hÉireann, seirbhísí áitiúla a fheabhsú, pobail níos fearr a thógáil agus na daoine a chónaíonn iontu a chumhachtú chun a chinntiú go gcuirfidh siad a dtuairimí in iúl agus go n-éistfear leo.

**Colún 1: Tacú le Pobail Inbhuanaithe**

**Príomhchuspóirí:**

– Áit níos fearr chun cónaí agus obair ann a dhéanamh de cheantar tuaithe na hÉireann trínár lár bailte agus sráidbhailte a athbheochan trí chur chun feidhme a dhéanamh ar thionscnaimh amhail an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR agus Clár RAPID agus ar bhearta chun tacú le daoine cónaí i lár baile.

– Seirbhísí áitiúla a fheabhsú sa phobal trí thacaíocht a thabhairt do liachleachtóirí ginearálta faoin tuath, trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar an earnáil cúraim phríomhúil chun cúram níos fearr a sholáthar níos gaire don phobal, trí thacaíocht a thabhairt don líonra postoifigí tuaithe ionas gur féidir leis oiriúnú do thimpeallacht gnó a bhíonn ag athrú agus trí leanúint le rochtain ar scoileanna a thabhairt do leanaí i gceantar tuaithe na hÉireann.

– Pobail Áitiúla a Chumhachtú, lena n-áirítear trí na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus Coistí Forbartha Pobail Áitiúil a fhorbairt agus trí thacaíocht a thabhairt dóibh, chun a chinntiú go gcloisfear tuairimí éagsúla, go gcuirfear na tuairimí sin san áireamh i bpróisis áitiúla chinnteoireachta agus go leanfaidh pobail le sainaithint a dhéanamh ar a riachtanais agus ar a réitigh féin.

– Pobail níos fearr a fhorbairt trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gClár LEADER agus trí thacaíocht a thabhairt do phobail leochaileacha tuaithe trí thionscnaimh amhail an Scéim Shóisialta Tuaithe.

### Príomhéachtaí a baineadh amach go dtí seo faoin gColún seo:

- **Rinne Heather Humphreys TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte don bhliain 2017 a sheoladh an 13 Aibreán. Leis an Scéim, chuirfí cistiú ab fhiú €20 milliún ar fáil thar thréimhse 15 mhí chun tacú le suas go dtí 300 áit, idir bhailte agus shráidbhailte (Gníomh 1).**

- **Rinne Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Creat le haghaidh Lár Bailte a Athbheochan a sheoladh an 25 Aibreán. Is é aidhm an Chreata cabhrú le hathghiniúint bailte tuaithe (Gníomh 4).**



---

- **Sheol Simon Coveney TD, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Léarscáil Talún Tithíochta Rebuilding Ireland. Tugtar sonraí inti faoi níos mó ná 700 suíomh atá faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil agus na Gníomhaireachta Tithíochta agus arb ionann a n-achar iomlán agus 1,700 heicteár. Den chéad uair riamh, tá bunachar sonraí lárnach againn ina léirítear an talamh atá ar fáil le haghaidh tithe ar fud na tíre (Gníomh 5).**

---

- **D'fhoilsigh Damien English TD, an tAire Stáit do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach, an cúigiú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus an seachtú suirbhé tithíochta ina bpléitear le fadhb na bhforbairtí tithíochta neamhchríochnaithe. Léiríodh ann go bhfuil laghdú 85% tagtha chun cinn le 6 bliana anuas ar an líon forbairtí neamhchríochnaithe atá ann (Gníomh 5).**

---

- **Tá fáil ag daoine ar fud na tíre ar an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe faoi Rebuilding Ireland. Sa bhliain 2017, leithdháileadh €32m agus is féidir suas go dtí 800 maoin fholamh a thabhairt ar ais chun úsáide an athuair i mbliana mar thithe nua do theaghlaigh atá ar liostaí feithimh Údaráis Áitiúil i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha. Fógraíodh i mí na Bealtaine 2017 go leithdháilfí €24 mhilliún sa bhreis le haghaidh breis agus 1,400 maoin fholamh Údaráis Áitiúil a thabhairt ar ais chun úsáide táirgiúla sa bhliain 2017 (Gníomh 5).**

---

- **Rinne Michael Ring TD, an tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach, seoladh ar CLÁR 2017 an 31 Márta. Beifear ag cur cistiú ab fhiú €5 mhilliún ar fáil chun tacú le pobail tuaithe faoi mhíbhuntáiste (Gníomh 10).**

---

- **D'fhógair Heather Humphreys TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, pacáiste infheistíochta €4.8 milliún an 3 Bealtaine faoin *Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha* agus faoi *Chiste na nDéanmhas Oidhreachta Tógtha i mBaol* do 2017 (Gníomhartha 13 agus 193).**

---

- **D'fhoilsigh Michael Ring TD, an tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach, Tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Postoifigí Moil an 30 Márta (Gníomh 20).**

---

- **Seoladh próiseas comhairliúcháin phoiblí i mí an Mhárta ar choincheap na samhla baincéireachta poiblí. Pléadh é mar chuid den obair leanúnach atá ar bun ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Airgeadais ar imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le samhail den sórt sin (Gníomh 23).**

---

- I mí an Mhárta 2017, sheol Denis Naughten TD, an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an tIdirphlé Náisiúnta ar Athrú Aeráide. Leis an Idirphlé, thabharfaí deis do phobail tuaithe ról lárnach a ghlacadh maidir le rannchuidiú lenár n-aistriú inár ngeilleagar ísealcharbóin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá athléimneach ó thaobh aeráide de (Gníomh 41).

---

- I mí Feabhra 2017, rinne an Taoiseach Enda Kenny TD agus Simon Coveney TD, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, seoladh ar chomhairliúchán poiblí náisiúnta ar Chreat Náisiúnta Pleanála nua dar teideal *Éire 2040 - Ár bPlean*. Rinne siad amhlaidh mar chuid den phróiseas um plean spásúil fadtéarmach don tír a sholáthar (Gníomhartha 45 agus 77).

---

- I mí Feabhra, sheol Michael Creed TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Straitéisí Forbartha Áitiúla le haghaidh na 7 nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh (FLAGanna). Fógraíodh an chéad ghlao ar iarratais ar an gcistiú €12 mhilliún atá ar fáil (Gníomh 48).

---

- I mí Eanáir 2017, d'fhógair Leo Varadkar TD, an tAire Coimirce Sóisialaí, go gcuirfí 500 áit sa bhreis ar fáil sa Scéim Shóisialta Tuaithe. Tá na háiteanna sin á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre (Gníomh 50).

---

- Cuireadh iontógáil 200 Garda faoi Oiliúint i gcrích i mí Feabhra 2017. Tá sé beartaithe tuilleadh Gardaí faoi Oiliúint a iontógáil i mí na Bealtaine, i mí Lúnasa agus i mí na Samhna (Gníomh 56).

---

- I mí Aibreáin 2017, d'fhógair Frances Fitzgerald TD, an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, scéim cúnamh deontais nua do ghrúpaí pobail. Is é aidhm na scéime cabhrú le córais phobalbhunaithe TCI a bhunú chun an choireacht a stopadh agus rannchuidiú le ciontóirí a bhrath (Gníomh 60).

---

- Rinne Catherine Byrne TD, an tAire Stáit le freagracht as Pobail agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí, seoladh ar Scéim Áiseanna Pobail nua i mí an Mhárta 2017 is fiú €2m. Leis an Scéim, cisteofar tionscadail arb é an aidhm atá leo pobail a bhreisiú, dul i ngleic leis an míbhuntáiste agus feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta ar leibhéal áitiúil ar fud na hÉireann (Gníomh 64).

---

- I mí Eanáir, tosaíodh ar ghlacadh le hiarratais ar an gClár Caipitil Spóirt don bhliain 2017. Cuireadh 2,320 iarratas isteach, an líon ab airde riamh. Leithdháilfear €30m san iomlán i mí Mheán Fómhair, rud a rachaidh chun tairbhe do phobail tuaithe (Gníomh 65).

---

- **I mí Aibreáin 2017, d'fhógair Denis Naughten TD, an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, go gcuirfí cistiú deontais €26 mhilliún ar fáil do 44 thionscadal fuinnimh pobail ar fud na hÉireann (Gníomh 55) agus go gcuirfí €5m ar fáil le haghaidh scéim ilbhliantúil nua lena dtabharfaí tacaíocht airgeadais do dhaoine ar mhaith leo a dteach a uasghrádú chuig rátáil 'A' ar an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh.**

---

- **I mí an Mhárta 2017, rinne Denis Naughten TD, an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, seoladh ar thionscnamh nua frithdhumpála chun tacú le glanadh na láithreacha dumpála neamhdhleathaí agus chun dul i ngleic leis na daoine sin a ghlacann páirt sa chleachtas neamhdhleathach sin.**

# *Colún 2 - Tacú le Fiontair agus le Fostaíocht*

Príomhchuspóir de chuid an Rialtais is ea deiseanna fostaíochta a mhéadú do dhaoine ar fud gach réigiúin den tír.  Má thacaítear le fás fiontar ag leibhéal réigiúnach, bíodh cuideachtaí nuathionscanta, cuideachtaí scálaithe nó cuideachtaí infheistíochta dírí eachtraí i gceist leo, méadófar na deiseanna fostaíochta atá ann do dhaoine a chónaíonn i gceantair thuaithe agus méadófar an ghníomhaíocht eacnamaíoch i gceantair thuaithe.

| **Colún 2: Tacú le Fiontair agus le Fostaíocht** |
| --- |
| **Príomhchuspóirí:**<br><br>– Fiontair agus poist a fhás agus a mhealladh trí na hocht bPlean Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist a chur i bhfeidhm agus trí Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh a fhorbairt chun forbairt réigiúnach chothromaithe a chur chun cinn.<br><br>– Tacú le fás earnálach, lena n-áirítear forbairt leanúnach na hearnála agraibhia trí *Food Wise 2025* a chur chun feidhme agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun an earnáil fuinnimh in-athnuaite agus Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta a fhorbairt i gceantar tuaithe na hÉireann.<br><br>– A chinntiú gur ag pobail tuaithe atá na scileanna a theastaíonn chun freastal ar riachtanais an mhargaidh shaothair, chun nuálaíocht a spreagadh agus chun sócmhainní a uasmhéadú.<br><br>– Tacú le cuardaitheoirí poist faoin tuath trí oifigí Intreo agus trí thionscnaimh amhail an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail, Tús agus an Scéim Fostaíochta Pobail.<br><br>– Tacú le hioncam feirmeoireachta agus iascaireachta trí íocaíochtaí faoin gComhbheartas Talmhaíochta, tríd an gClár Forbartha Tuaithe agus trí thacaí eile ón Rialtas. |

## Príomhéachtaí a baineadh amach go dtí seo faoin gColún seo:

- **Tá méadú tagtha sna réigiúin go léir ar an líon daoine atá i mbun fostaíochta. Fuarthas tacaíocht ina leith ó chur chun feidhme leanúnach na bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist.  Ba lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bhí 70% (45,600) de na poist nua a líonadh sa bhliain dar críoch an ceathrú ráithe de 2016 (Gníomh 68).**

---

- **D'oscail GFT Éireann Foirgneamh Ardteicneolaíochta nua i dTrá Lí i mí an Mhárta. Is é an aidhm atá leis cóiríocht táirgthe agus oifige den chéad scoth a chur ar fáil le haghaidh tionscadail teicneolaíochta nó Eolaíochtaí Beatha sa todhchaí (Gníomh 71).**



---

- **Chuir Michael Ring TD, an tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach, Tascfhórsa Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh ar bun i mí an Mhárta 2017 d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar thogra Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, rud a rachaidh chun tairbhe do phobail tuaithe sa réigiún (Gníomh 78).**

---

- **Tá moil nuálaíochta i mbun oibre sna ceantair Ghaeltachta i nDún na nGall agus i gCiarraí chun tacú leis an bhfiontraíocht agus le cuideachtaí nuathionscanta. Cuirfear moil nuálaíochta eile ar bun i Maigh Eo agus i nGaillimh ar ball (Gníomh 85).**

---

- **I mí Eanáir, d'fhógair Pat Breen TD, an tAire Stáit le freagracht as Fostaíocht agus Gnólachtaí Beaga, go gcuirfí cistiú breise ab fhiú €4m ar fáil do na hOifigí Fiontair Áitiúil d'fhonn dlús a chur le cuideachtaí nuathionscanta agus le poist ar fud na tíre agus cabhrú le micreaghnólachtaí déileáil leis na dúshláin a bheidh orthu sa bhliain le teacht.**

---

- **Chuir Grúpa na Sionainne tús le hobair ar cheap oifigí ardsonraíochta nua €10m a thógáil chun mórinfheistíocht isteach agus fostaíocht a éascú (Gníomh 81).**

---

- **Tá 236 bhall fhíoraithe de Origin Green ann anois agus is baill chláraithe den Chlár iad 90% de na honnmhaireoirí táirgí bia, dí agus gairneoireachta Éireannacha (Gníomh 107).**

---

- **Cuireadh tús le fiontraithe a earcú le haghaidh Chlár Food Works 2017. Is iad Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc a reáchtálann Food Works. Tá siad ag obair le chéile ó bhí an bhliain 2012 ann chun tacú le gnólachtaí nuálacha bia in Éirinn. Ag deireadh mhí an Mhárta, cuireadh tús le feachtas iomlán margaíochta agus caidrimh phoiblí lena ndéanfaí an fheasacht ar an gclár a mhéadú tuilleadh (Gníomh 108).**

---

- **Cuireadh tús leis an Food Academy Advance i mí Feabhra. Bhí 12 chuideachta páirteach ann. Neartaíodh an clár agus áireofar leis as seo amach tacaíocht níos láidre ó thaobh maoinithe agus brandála de (Gníomh 109).**

---

- **I gcomhar le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ), chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara €150 milliún ar fáil d'fheirmeoirí ar ráta úis de 2.95%. Déantar an Scéim a dháileadh agus a riar trí Bhanc AIB, Banc na hÉireann agus Banc Uladh. Leis an Scéim, cuirtear foinse caipitil oibre atá ar chostas íseal agus solúbtha ar fáil d'fheirmeoirí, rud a chuireann ar a gcumas foirmeacha níos costasaí d'fhiachas gearrthéarmach a íoc anuas agus a chinntíonn inbhuanaitheacht airgeadais leanúnach na bhfiontar inmharthana feirmeoireachta (Gníomh 110).**

---

- **I mí Feabhra 2017, fógraíodh go gcuirfí €28m ar fáil le haghaidh infheistíocht chaipitil leanúnach a dhéanamh sna 6 ionad cuain iascaigh in Éirinn agus i gcuanta beaga chun tacú le sábháilteacht, le cothabháil agus le próiseáil agus forbairt iascaigh (Gníomh 111).**

---

- **Rinneadh roinnt dul chun cinn ar rochtain mhairteola a chur ar aghaidh agus rochtain ar an margadh a athbhunú d'onnmhairí portáin bheo chuig an tSín. Síníodh prótacal foirmiúil maidir le honnmhairí mairteola chuig an tSín, rud lena réitítear an bealach d'onnmhairí mairteola Éireannaí chuig an tSín.**

---

- **Seoladh feachtas Bhord Bia ab fhiú €3.75m chun mairteoil Éireannach agus uaineoil Éireannach a chur chun cinn sa tSín agus sa tSeapáin.**

---

- **Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta seoladh ar Thuarascáil nua ar na Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bia agus Dí.**

---

- **Reáchtáil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceardlann maidir le Riachtanais Scileanna ar leibhéal feirme.**

---

- **Rinneadh oscailt oifigiúil i mí Aibreáin 2017 ar an Ionad Teicneolaíochta Feola (ceann de na gníomhartha a leagtar amach in Food Wise 2025). Tá sé lonnaithe in Ionad Taighde Bia Teagasc, Baile an Ásaigh.**

---

- **Méadaíodh cistiú na Scéime Forbartha Tuaithe faoi 21% go €601m chun tacú leis an earnáil agraibhia.**

---

- **Dámhadh cúnamh deontais ab fhiú €3.87m le haghaidh an earnáil gairneoireachta tráchtála a fhorbairt.**

---

- **Athosclaíodh Scéim GLAS (an Scéim Ghlas Ísealcharbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta). Ghlac 50,000 duine páirt inti.**

---

- **Bunaíodh Grúpa Idir-Rannach um fhorbairt straitéiseach bhithgheilleagar na hÉireann a ndéanann Roinn an Taoisigh cathaoirleacht air, seoladh cleachtadh scópála ar ghníomhaíochtaí reatha agus ar dheiseanna féideartha san earnáil agus, i mí Feabhra, reáchtáladh ceardlann do gheallsealbhóirí san earnáil. Bainfear leas as gach ceann de na gníomhaíochtaí réamhluaite chun bonn eolais a chur faoi ullmhú an ráitis bheartais náisiúnta don bhithgheilleagar (Gníomhartha 116-118).**

---

- **D’fhógair an tAire Bruton agus an tAire Halligan 50,000 printíseacht agus áit ar chúrsaí oiliúna a bheadh le líonadh faoin mbliain 2020. D’eisigh an Chomhairle Phrintíseachta an dara glao ar thograí printíseachta nua. Is é cúram na Comhairle an phrintíseacht a leathnú chuig earnálacha nua den gheilleagar agus sainaithint a dhéanamh ar earnálacha ina bhféadann printíseachtaí difear suntasach a dhéanamh d’fhostóirí agus d’fhostaithe araon (Gníomh 122).**

---

- **I mí an Mhárta, d’fhógair Michael Ring TD, an tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach, babhta nua cistiúcháin ab fhiú €1.75 milliún faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is é an aidhm atá leis tacaíocht a thabhairt d’fhiontair shóisialta a chabhraíonn le daoine faoi mhíbhuntáiste, agus béim á leagan ar cheantair thuaithe (Gníomh 138).**

---

- **Sheol Fiontraíocht Éireann an ‘Brexit SME Scorecard’ chun cabhrú le cuideachtaí féinmheasúnú a dhéanamh ar a ullmhaithe atá siad don Bhreatimeacht. Chomh maith leis sin, cuirfidh an eagraíocht sraith imeachtaí Breatimeachta ar siúl ar fud na tíre i mí na Bealtaine, ar lena linn a labhróidh cainteoirí saineolaíocha, chun an uirlis a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do chliaint ullmhú don Bhreatimeacht. ___ Chomh maith leis sin, tá Ranna ar fud an Rialtais tar éis Idirphléití Earnálacha Uile-Oileáin a stiúradh ag láithreacha éagsúla ar fud na tíre - Féach tuilleadh eolais ag: http://www.merrionstreet.ie/en/EU-UK/Consultations/#sthash.6I3ig62U. Leis na hIdirphléití sin cuireadh deis luachmhar ar fáil le cloisteáil go díreach faoi impleachtaí uile-oileáin an Bhreatimeachta, ó pháirtithe leamhara éagsúla agus raon leathan earnálacha**

---

- **Cuireadh athruithe chun feidhme ar an measúnú acmhainne a dhéanann an Roinn Coimirce Sóisialaí le haghaidh Chúnamh Feirme – mar a fógraíodh i mBuiséad 2017. Mar thoradh ar na hathruithe sin, tá feirmeoirí ísealioncaim agus a dteaghlach ag fáil suim mhéadaithe ina n-íocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh, rud a chabhraíonn leo feirmeoireacht ghníomhach a dhéanamh ar a dtalamh (Gníomh 139).**

## *Colún 3 - Ár nAcmhainn a Uasmhéadú maidir le Turasóireacht Tuaithe agus Áineas Tuaithe*

Ceann de na rudaí is mó a bhrúnn forbairt gheilleagrach chun cinn i gceantar tuaithe na hÉireann is ea an turasóireacht. Thug 85% de na cuairteoirí ar Éirinn sa bhliain 2015 cuairt ar réigiún amháin ar a laghad lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. De bharr an ioncaim a ghineann sé sin sna réigiúin, tá ról tábhachtach le himirt ag an turasóireacht i dtacú le poist inbhuanaithe agus le fás inbhuanaithe i gceantair thuaithe. Tacófar léi trí thionscnaimh spriocdhírithe thurasóireachta agus trí chineálacha comhordaithe cur chuige ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Tá acmhainn ann Turasóireacht Ghníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn agus leas a bhaint as ár n-oidhreacht shaibhir thógtha agus nádúrtha freisin.

| **Colún 3: Ár nAcmhainn a Uasmhéadú maidir le Turasóireacht Tuaithe agus Áineas Tuaithe** |
|---|
| **Príomhchuspóirí:**<br>– An líon turasóirí go ceantar tuaithe na hÉireann a mhéadú faoi 12% faoin mbliain 2019.<br>– Tacú le poist inbhuanaithe trí thionscnaimh spriocdhírithe thurasóireachta tuaithe, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh thábhachtacha mhargaíochta, amhail Sean-Oirthear na hÉireann agus Slí an Atlantaigh Fhiáin, agus acmhainn Thailte Locha na hÉireann a fhorbairt.<br>– Turasóireacht Ghníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn i gceantair thuaithe trí ghormbhealaí, glasbhealaí agus deiseanna áineasa eile a fhorbairt.<br>– Ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha a fhorbairt agus a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh inár gceantair Ghaeltachta agus trínár bPáirceanna Náisiúnta, ár nAnaclanna Dúlra agus acmhainní nádúrtha agus tógtha eile a chur chun cinn ar bhealach níos fearr. |

## Príomhéachtaí a baineadh amach go dtí seo faoin gColún seo:

- **I mí na Nollag 2016, d'fhógair Patrick O'Donovan TD, an tAire Stáit um Thurasóireacht agus Spórt, go gcuirfeadh Fáilte Éireann pacáiste cistiúcháin chaipitil €550k ar fáil do Coillte mar chuid de chomhpháirtíocht straitéiseach chun feabhas a chur ar eispéireas an turasóra ag roinnt suíomhanna de chuid Coillte (Gníomh 172).**

---

- **I mí Eanáir, d'fhógair an Taoiseach Enda Kenny TD, Michael Ring TD, an tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach, agus Patrick O'Donovan TD, an tAire Stáit um Thurasóireacht agus Spórt, go gcuirfí infheistíocht chaipitil €500k ar fáil chun acmhainn turasóireachta Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann a mhéadú mar chuid de chomhpháirtíocht straitéiseach idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus Fáilte Éireann (Gníomh 186).**

- **D'oscail an tAire Coveney Glasbhealach nua 46 km idir Port Láirge agus Dún Garbhán i mí an Mhárta. Tá an Glasbhealach suite feadh Mhórlíne Iarnróid an Deiscirt agus an Iarthair a bhí ann roimhe sin.**



- **Tionóladh Comhdháil Turasóireachta de chuid na nÚdarás Áitiúil i mí an Mhárta 2017. Reáchtáladh an chomhdháil faoin teideal "Dul i mbun Comhair ar bhonn Áitiúil chun Dul san Iomaíocht ar bhonn Domhanda". Tugadh na húdaráis áitiúla uile sa tír le chéile lena linn chun an dea-chleachtas a chomhroinnt agus chun éisteacht ó shaineolaithe turasóireachta ar mhaithe lena chinntiú go leanfadh na húdaráis ag fás agus ag forbairt a dtairisceana turasóireachta le chéile (Gníomh 155).**

- **I mí Aibreáin 2017, d'fhógair Fáilte Éireann go gcuirfí cistiú €11.5m ar fáil do 10 Suíomh Oidhreachta thábhachtacha, lenar áiríodh cistiú €8.2m do 8 suíomh atá suite lasmuigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath (Gníomh 191).**

- **Rinne Michael Ring TD, an tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach, an Scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh faoin Spéir 2017 a sheoladh an 28 Aibreán. Faoin Scéim, cuirfear cistiú €11 mhilliún ar fáil chun bonneagar áineasa amuigh faoin spéir a fhorbairt i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann agus chun an bonneagar áineasa amuigh faoin spéir atá ann cheana sna ceantair sin a chothabháil, a fheabhsú agus a chur chun cinn (Gníomh 170).**

- **I mí Aibreáin 2017, bronnadh cistiú ar 70 iarratasóir faoi Scéim Urraíochta Iascach Intíre Éireann, rud a bhfuil sé mar aidhm léi cabhrú le pobail tuaithe dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le slatiascaireacht, le turasóireacht slatiascaireachta agus leis an gcomhshaol. Meastar go soláthrófar babhta cistiúcháin eile níos déanaí i mbliana (Gníomh 179).**

## *Colún 4 - An Cultúr agus an Chruthaitheacht a Chothú i bPobail Tuaithe*

Tá saol ealaíon a bhfuil borradh faoi ag roinnt mhaith pobail tuaithe ar fud na hÉireann agus tá sé tábhachtach go bhfeabhsaítear saoráidí agus sócmhainní i gceantair thuaithe chun creatlach shóisialta shaol na tuaithe a neartú. Is é aidhm an Cholúin seo rochtain ar na healaíona a mhéadú agus an cultúr agus an chruthaitheacht a fhorbairt i bpobail tuaithe. Tá an Ghaeilge ina cuid ríthábhachtach dár gcultúr agus dár n-oidhreacht freisin. Tá sí ina hacmhainn thábhachtach i bpobail Ghaeltachta chomh maith.

| Colún 4: An Cultúr agus an Chruthaitheacht a Chothú i bPobail Tuaithe |
|---|
| **Príomhchuspóirí:**<br>– Rochtain ar na healaíona a mhéadú agus saoráidí cultúrtha a fheabhsú i bpobail tuaithe.<br>– An cultúr agus an chruthaitheacht a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh i gceantar tuaithe na hÉireann trí fhoirne cultúir agus mhoil chruthaitheachta a bhunú mar chuid den chlár 'Éire Ildánach'.<br>– An Ghaeilge a chur chun cinn mar acmhainn thábhachtach i bpobail Ghaeltachta agus i bpobail tuaithe eile. |

## Príomhéachtaí a baineadh amach go dtí seo faoin gColún seo:



- **I mí Feabhra, cheadaigh Heather Humphreys TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, suim €9 milliún lena hinfheistiú i 56 cinn d'ionaid ealaíon agus chultúir ar fud na tíre. Is i gceantair thuaithe a chaithfear níos mó ná 80% den airgead sin (Gníomh 203).**

---

- **Cuireadh Foirne Cultúir ar bun i ngach údarás áitiúil chun an soláthar ealaíon áitiúil a chomhordú ar bhealach níos fearr agus chun an soláthar sin a uasmhéadú (Gníomh 210).**

---



- **Mar chuid de Chruinniú na Cásca ar Luan Cásca, d'óstáil gach ceann den 31 údarás áitiúla imeachtaí saor in aisce a bhí dírithe ar an teaghlach ina gcontae féin. Reáchtáladh na himeachtaí mar chuid den chlár náisiúnta 'Éire Ildánach' (Gníomh 214).**

- **Cuireadh cistiú breise €22,000 ar fáil d’Ealaín na Gaeltachta Teo. chun tacú lena cuid oibre chun an chruthaitheacht agus na healaíona a chothú sa Ghaeltacht (Gníomh 227).**

- **Mar chuid de Chairt na nEalaíon san Oideachas agus mar shamhail le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach, soláthrófar cúrsaí samhraidh i mbliana chun comhpháirtíochtaí a bhunú idir Múinteoirí agus Ealaíontóirí i ngach ceann den 21 limistéar de chuid Chumann na nIonad Múinteoirí/Oideachais in Éirinn (Gníomh 219).**

## ***Colún 5 - Bonneagar agus Nascacht Tuaithe a Fheabhsú***

Is é cuspóir an Cholúin seo feabhas a chur ar nascacht pobal tuaithe trí nascacht leathanbhanda níos fearr a sholáthar, trí naisc iompair a fheabhsú agus trí laghdú a dhéanamh ar an mbaol tuile i gceantair leochaileacha.

**Colún 5: Bonneagar agus Nascacht Tuaithe a Fheabhsú**

**Príomhchuspóirí:**

– Leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach áitreabh in Éirinn tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i bhfeidhm agus rochtain fón póca a fheabhsú i gceantair thuaithe.

– Naisc iompair tuaithe a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí, trí thacaíocht a thabhairt dár n-aerfoirt réigiúnacha agus trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar tuaithe.

– Cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta faoisimh thuile agus ar bhearta eile bainistíochta úsáide talún chun ár mbonneagar tuaithe a chosaint.

## Príomhéachtaí a baineadh amach go dtí seo faoin gColún seo:

- **Chuir Denis Naughten TD, an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus Heather Humphreys TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Grúpa Forfheidhmithe ar bun i mí an Mhárta chun na moltaí ón Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda a bhrú chun cinn (Gníomh 233).**

---

- **D'fhoilsigh an tAire Naughten an Léarscáil deiridh de Limistéar Idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda an 4 Aibreán agus d'fhógair sé go gcuirfeadh eir leathanbhanda ardluais ar fáil do 300,000 áitreabh eile ar bhonn tráchtála faoi dheireadh na bliana 2018. Cuirfear dlús le cur i bhfeidhm an leathanbhanda ardluais ina lán ceantar tuaithe dá bharr sin.**




---

- **Thug an tAire Canney forbhreathnú ar an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an nGrúpa Oibre um Chomhordú Gníomhaireachtaí Stáit ar Phriacal Tuile na Sionainne maidir le gníomhaíocht cothabhála (Gníomh 265).**

---

- **I mí Aibreáin, chomhaontaigh an Rialtas na socruithe riaracháin do Scéim Dheonach spriocdhírithe aonuaire um Athlonnú Úinéirí Tí (Gníomh 266).**

## 4. Faireachán agus Cur Chun Feidhme

***An Coiste Faireacháin***

Cuireadh Coiste Faireacháin ar bun i mí an Mhárta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta. Cuimsíonn an Coiste ionadaithe sinsearacha do Ranna ábhartha Rialtais agus do leasanna geallsealbhóirí tuaithe tábhachtacha.

Cuireadh an chéad chruinniú de chuid an Choiste Faireacháin ar siúl an 23 Márta 2017, agus é faoi chathaoirleacht ag Heather Humphreys TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Chomhaontaigh an Coiste a Théarmaí Tagartha ag an gcruinniú sin (féach Aguisín 1). Rinneadh sonraí beachta an phróisis faireacháin a bhunú agus a chomhaontú lena linn freisin.

Déanfar na gníomhartha agus na garspriocanna is tosaíochtaí do na sé mhí le teacht a shainaithint ar bhonn rollach. Is ag deireadh na tréimhse sé mhí a dhéanfaidh an Coiste Faireacháin iniúchadh ar an dul chun cinn atá déanta ar na gníomhartha agus na garspriocanna sin agus ar ghníomhartha atá ar siúl 'ar bhonn leanúnach'. Tríd an bpróiseas sin, beifear in ann spriocanna soiléire faoi theorainn ama a shocrú agus tuairisc a thabhairt orthu feadh thréimhse feidhme an Phlean.

Is ar na gníomhartha a bhí le déanamh sa chéad leath den bhliain 2017 agus ar na gníomhartha atá ar siúl 'ar bhonn leanúnach' araon a dhíreofar sa chéad Tuarascáil iomlán ar Dhul Chun Cinn. Foilseofar an Tuarascáil sin i mí Iúil. Beidh teagmháil leanúnach ann leis na Ranna, na gníomhaireachtaí agus na geallsealbhóirí lena mbaineann idir cruinnithe an Choiste Faireacháin chun a chinntiú go bhfuil an dul chun cinn ar an mbóthar ceart.

Tá sé beartaithe ag an Aire leas a bhaint as struchtúr an Choiste Faireacháin don Phlean Gníomhaíochta freisin chun gníomhartha nua a bhaineann le forbairt tuaithe a shainaithint, a cheapadh agus a thabhairt isteach ar bhonn leanúnach. D'fhéadfadh go dtiocfadh na gníomhartha nua sin as rannpháirtíocht le pobail áitiúla, as tosaíochtaí forbartha tuaithe atá ag teacht chun cinn nó as ionchur an Choiste é féin.

Tiocfaidh an Coiste Faireacháin le chéile dhá uair eile ar a laghad sa bhliain 2017.

***Tionchar an Phlean Gníomhaíochta a Thomhas***

Mar aon leis an dul chun cinn ar sholáthar gníomhartha aonair a thomhas, is cuid thábhachtach den phróiseas faireacháin a bheidh i dtomhas a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an Phlean ar phobail tuaithe. Maidir leis sin, chuir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta fochoiste den Choiste Faireacháin ar bun. Tá an fochoiste sin faoi stiúir ag an Dr Maura Farrell (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh/Nasc Tuaithe na hÉireann) agus tá sé de dhualgas air obair chun táscairí cuí a cheapadh. Tá sé beartaithe go gcomhaontóidh an Coiste Faireacháin an tsraith táscairí sin le linn na bliana 2017.

## 5. Straitéis Cumarsáide

Is ionann an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus cur chuige uile-Rialtais i leith forbairt tuaithe. Cé go bhfuil móriarracht dhearfach á déanamh ar fud an rialtais áitiúil agus náisiúnta chun tacú le forbairt tuaithe, tá gá ann anois le cur chuige níos comhordaithe i leith an teachtaireacht sin a chur in iúl do phobail éagsúla, go háirithe iad sin a chónaíonn agus a oibríonn i gceantar tuaithe na hÉireann. Tá Straitéis Cumarsáide á forbairt faoi láthair chun aghaidh a thabhairt air sin.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe de Straitéis Cumarsáide an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe:

- Is ag gach Roinn a bheidh pointe teagmhála ainmnithe laistigh den Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Cabhróidh an duine sin le faisnéis a sholáthar faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar fud na gColún éagsúil agus faoi aon saincheisteanna ábhartha eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcomhthéacs chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta.

- Déanfar leagan uasghrádaithe den suíomh Gréasáin www.ruralireland.ie a sheoladh go luath (Gníomh 96). Beidh an suíomh nua ina thairseach lárnach le haghaidh nuacht a chur ar fáil, faisnéis a sholáthar faoi na tacaí ábhartha atá ar fáil agus samplaí a chur i láthair den dea-chleachtas is bonn d'fhorbairt tuaithe. Ullmhóidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta sraith gearrfhíseán don suíomh Gréasáin freisin, ar físeáin iad ina gcuirfear cás-staidéir dhea-chleachtais i láthair.

- Bíonn an tUas. Pat Spillane, Ambasadóir don Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, ag dul i dteagmháil le príomh-gheallsealbhóirí tuaithe ar fud na tíre chun cabhrú le teachtaireacht agus fís an Rialtais don Phlean Gníomhaíochta a chur in iúl do phobail tuaithe agus chun gnóthais agus pobail a spreagadh páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme an Phlean.

  Tríd an ról atá aige ar an gCoiste Faireacháin, cabhróidh an tUas. Spillane le sainaithint a dhéanamh ar an tionchar atá á imirt ag an bPlean Gníomhaíochta ar cheantar tuaithe na hÉireann i ndáiríre.

  Bhuail an tUas. Spillane le roinnt geallsealbhóirí tuaithe, le roinnt fiontar tuaithe agus le roinnt grúpaí pobail tuaithe aonair cheana féin. Tá sé ag comhroinnt a fhionnachtana leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus leis an gCoiste Faireacháin faoi láthair ar mhaithe le sainaithint a dhéanamh ar aon bhacainní féideartha ar an bPlean Gníomhaíochta a chur chun feidhme i bpobail tuaithe.

- Bíonn an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ag dul i mbun sraith cruinnithe le húdaráis áitiúla agus le tionscadail forbartha pobail tuaithe ar fud na tíre chun na deiseanna a chruthaítear leis an bPlean Gníomhaíochta a iniúchadh.

- Bíonn an tAire Humphreys agus an tUas. Michael Ring, an tAire Stáit, ag dul i mbun sraith cruinnithe déthaobhacha lena gcuid comhghleacaithe chun príomhchuspóirí laistigh den Phlean Gníomhaíochta a phlé agus chun leanúint le cur chun feidhme an Phlean a bhrú chun cinn ar fud an Rialtais.

## Aguisín 1

## Ról Choiste Faireacháin an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

Is iad seo a leanas na príomhchúraimí atá ar an gCoiste Faireacháin:

1. Gníomhartha tosaíochta atá le soláthar faoin bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a shainaithint ar bhonn rollach 6 mhí agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn ar gach gníomh.

2. Aird a tharraingt ar aon bhacainní féideartha ar sholáthar an Phlean Gníomhaíochta nó aon ghníomhartha aonair, agus teacht ar réitigh chun a chinntiú nach mbeidh aon mhoill ann ar chur chun feidhme an Phlean nó na ngníomhartha sin.

3. Samplaí den dea-chleachtas atá ag teacht as an bPlean Gníomhaíochta a shainaithint, agus a chinneadh cad é an dóigh is fearr chun na cleachtais sin a chur i bhfeidhm i bpobail tuaithe eile.

4. Faireachán a dhéanamh ar an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch atá ag an bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ar phobail tuaithe, agus táscairí a fhorbairt chun an tionchar sin a thomhas.

5. Faireachán a dhéanamh ar mhórfhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil le forbairt tuaithe chun a chinntiú go mbeidh an Plean Gníomhaíochta fós ábhartha agus go mbeidh sé bunaithe ar an dea-chleachtas.

6. Gníomhartha nua atá le cur ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a shainaithint thar shaolré an Phlean, de réir mar is gá.

7. Tuarascálacha sé mhí ar dhul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a chomhaontú, ar tuarascálacha iad a chuirfear faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta um Ghnóthaí Réigiúnacha agus Tuaithe agus a fhoilseoidh an Rialtas ansin.